Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Meán Fómhair 2021**
**(OR. en)**

**12304/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0216(COD)**

**AGRI 443**
**AGRILEG 207**
**AGRIFIN 114**
**AGRISTR 65**
**AGRIORG 107**
**CODEC 1268**
**CADREFIN 422**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9645/18 + COR 1 + ADD 1 |
| Ábhar: | Ullmhúchán na bPleananna Straitéiseacha CBT<br>*- Malartú tuairimí* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo pléph____áipéar ón uachtaránacht maidir leis an ullmhúchán atá déanta ag na Ballstáit dá bpleananna straitéiseacha CBT lena n-áirítear ceisteanna stiúrtha do phlé na n-airí ag an gComhairle Talmhaíochta agus Iascaigh a bheidh ar siúl an 11-12 Deireadh Fómhair 2021.

**Plépháipéar ón Uachtaránacht maidir leis an ullmhúchán do Phleananna Straitéiseacha CBT na mBallstát**

An 1 Meitheamh 2018, thíolaic an Coimisiún Eorpach trí thogra reachtacha darb aidhm CBT a chur in oiriúint don todhchaí. Díríodh san athchóiriú ar CBT ar an aistriú ó chur chuige bunaithe ar chomhlíonadh go cur chuige feidhmíochtbhunaithe. Faoin tsamhail seachadta nua seo, beidh níos mó saoirse ag na Ballstáit chun íocaíochtaí díreacha, idirghabhálacha earnála agus forbartha tuaithe a chur in oiriúint dá riachtanais ar bhonn na pleanála straitéisí agus beidh orthu tuairisc a thabhairt ar na torthaí a baineadh amach freisin. Beidh ollstruchtúr nua 'glas' sa CBT a bheidh ann amach anseo, bunaithe ar choinníollacha comhshaoil agus aeráide níos fearr a bheidh le comhlíonadh ag feirmeoirí agus ar bhearta deonacha breise.

Eagrófar CBT nua trí phleananna straitéiseacha CBT na mBallstát. Bunaítear na paraiméadair ghinearálta leis an Rialachán maidir le pleananna straitéiseacha CBT chun ullmhú na bpleananna sin, an measúnú orthu agus an formheas a dhéanfar orthu a threorú. Chuir na hairí i dtreis roinnt uaireanta nár cheart ach gníomhartha atá ceangailteach ó thaobh dlí a úsáid chun pleananna straitéiseacha CBT a fhormheas. I ndeireadh na dála, cumhdaíodh prionsabal mar sin i bhforálacha an Rialacháin maidir le pleananna straitéiseacha CBT, mar chuid de chomhaontú polaitiúil ar thángthas air le linn na caibidlíochta idirinstitiúidí, arna dhaingniú ag na hairí ag an gComhairle Talmhaíochta agus Iascaigh a bhí ar siúl an 28-29 Meitheamh 2021 agus a d'fhormhuinigh an Coiste Speisialta um Thalmhaíocht an 23 Iúil 2021 tar éis bailchríoch a chur ar an obair theicniúil[1]. Táthar ag súil go nglacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon go foirmiúil é roimh dheireadh na bliana seo. Ní mór do na Ballstáit a ndréachtphleananna straitéiseacha náisiúnta a chur isteach lena measúnú agus lena bhformheas ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná an 1 Eanáir 2022.

[1] *Airteagal 106(2): "[...] Is ar ghníomhartha atá ceangailteach ar na Ballstáit ó thaobh dlí de amháin a bhunófar an formheas"* (mar atá sa chomhaontú polaitiúil deiridh ar thángthas air i mí Iúil 2021 (11004/21 ADD 1 REV 2), faoi réir bailchríoch a bheith curtha ar an téacs dlíthiúil ag na dlítheangeolaithe.

Tugtar dúshlán do na Ballstáit le hullmhú na bpleananna straitéiseacha CBT agus b'ábhar imní ar leith do na Ballstáit é ón tús. Bhí roinnt céimeanna sa phróiseas seo agus, rinneadh cuid díobh i gcomhthráth, rud a d'éiligh gur gá dul ar ais chuig na céimeanna a rinneadh roimhe sin sa phróiseas agus an dréachtphlean straitéiseach a athbhreithniú, mar gheall ar shonraí nuashonraithe, comhaontuithe leis na geallsealbhóirí, nótaí tráchta (neamhfhoirmiúla) ón gCoimisiún agus na cinn ón meastóireacht *ex-ante*, i measc nithe eile. Ag an am céanna, táthar fós ag fanacht le go gcuirfí bailchríoch ar an reachtaíocht maidir leis an athchóiriú ar CBT agus le go nglacfaí í, rud a chuireann le castacht na hoibre, cé gur féidir a mheas gur cuireadh bailchríoch ar bhunábhar na Rialachán amhail ó mhí Iúil 2021.

Ba cheart a rathú le formheas an Choimisiúin ar phleananna straitéiseacha CBT go gcuirfear an beartas chun feidhme de réir na gcomhchuspóirí agus go mbainfear na torthaí a bhfuiltear ag súil leo amach, agus go rannchuideofar le tionchair ar leibhéal an Aontais ar bhealach cothrom. Go háirithe, beidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar chomhsheasmhacht na bpleananna straitéiseacha CBT atá beartaithe agus ar a rannchuidiú le reachtaíocht chomhshaoil agus aeráide an Aontais, agus leis na gealltanais atá tugtha ag an Aontas ina leith siúd, agus le spriocanna an Aontais do 2030 a leagtar amach sa straitéis 'ón bhfeirm go dtí an force' agus sa straitéis bhithéagsúlachta.

I mí na Nollag 2020, thug an Coimisiún moltaí saincheaptha do gach Ballstát maidir lena bpleananna straitéiseacha CBT a chur in oiriúint dá bhfeidhm. Is é is aidhm dóibh cúnamh a thabhairt do na Ballstáit agus a bpleananna straitéiseacha CBT á ndréachtú acu trí na príomhréimsí ar cheart do gach Ballstát díriú orthu a shainaithint.

Ag tús na tréimhse cur chun feidhme, roimh an 31 Nollaig 2023, beidh ar an gCoimisiún tuarascáil achoimre a thabhairt ar phleananna straitéiseacha CBT na mBallstát chun measúnú a dhéanamh ar iarracht chomhpháirteach agus ar uaillmhian chomhchoiteann na mBallstát maidir le haghaidh a thabhairt ar chuspóirí sonracha, agus spriocanna an Aontais do 2030 mar a leagtar amach iad sa straitéis 'ón bhfeirm go dtí an forc' agus sa straitéis bhithéagsúlachta á gcur san áireamh.

Is gnéithe tábhachtacha den athchóiriú ar CBT iad an trédhearcacht agus an chuimsitheacht. Mar atá i gclársceidealú na forbartha tuaithe faoi láthair, ceanglaítear ar na Ballstáit comhpháirtíocht a eagrú agus a bpleananna straitéiseacha CBT á ndréachtú acu chun dul i gcomhairle, ar bhealach éifeachtach trédhearcach, leis na comhpháirtithe ábhartha, ar nós na n-údarás poiblí ábhartha, na gcomhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta, lena n-áirítear ionadaithe ón earnáil talmhaíochta, agus comhlachtaí ábhartha eile a dhéanann ionadaíocht ar an tsochaí shibhialta agus chun rannpháirt a thabhairt dóibh. Ní hamháin, leis an gcomhpháirtíocht seo, go gcuirfear ar chumas na mBallstát cur leis an eolas agus leis an saineolas atá ar fáil chun na pleananna sin a cheapadh ach cuirfear freisin le dlisteanacht an bheartais a bheidh ann amach anseo agus éascófar cur chun feidhme an bheartais sin.

Tá a bpleananna straitéiseacha á n-ullmhú ag na Ballstáit faoi láthair agus iad bunaithe ar mholtaí tírshonracha ón gCoimisiún freisin. Ós rud gur thángthas ar chomhaontú polaitiúil maidir leis an bpacáiste um athchóiriú CBT agus go bhfuil an glacadh foirmiúil ag teannadh, ba cheart bailchríoch a bheith á cur ag roinnt mhaith Ballstát ar a bpleananna straitéiseacha CBT agus ba cheart dóibh a bheith ullamh leis na pleananna a thíolaic go foirmiúil tráth nach déanaí ná an 1 Eanáir 2022 mar a foráladh. Ar bhonn aiseolas neamhfhoirmiúil ó thromlach na mBallstát, tá an chuma air go bhfuil a measúnuithe ar riachtanais agus a straitéisí idirghabhála ullmhaithe ag beagnach gach Ballstát, agus tá siad á n-athbhreithniú nó á dtabhairt cothrom le dáta. Táthar ag gabháil do chéimeanna eile sa chuid is mó de na Ballstáit, amhail na coinníollacha incháilitheachta le haghaidh idirghabhálacha a shainiú, spriocanna agus garspriocanna a shocrú do na táscairí toraidh ábhartha le haghaidh gach idirghabhála, chomh maith leis na haschuir agus na haonadmhéideanna bliantúla beartaithe a shocrú in aghaidh na hidirghabhála. Ar an gcaoi chéanna, tá meastóireachtaí *ex-ante* agus measúnuithe straitéiseacha comhshaoil á ndéanamh, agus tá na chéad tuarascálacha críochnaithe. Tá na chéad bhabhtaí de chomhairliúcháin phoiblí thart agus tá tuilleadh comhairliúchán ar siúl nó tá siad beartaithe sna míonna atá le teacht.

I bhfianaise an mhéid a leagtar amach thuas, iarrfar ar na hairí, ag Comhairle Talmhaíochta agus Iascaigh an 11-12 Deireadh Fómhair 2021, a dtuairimí a roinnt ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis na pleananna straitéiseach a chur isteach agus a fhormheas, go háirithe i ndáil leis na ceisteanna seo a leanas:

*1) Cén chéim ag a bhfuil sibh agus bhur ndréachtphlean straitéiseach á ndréachtú agaibh? An bhfuil aon deacrachtaí agaibh?*

*2) Cé chomh trédhearcach ar cheart don phróiseas measúnaithe agus formheasa a bheith, agus aird á tabhairt ar an tábhacht a bhaineann le cuntasacht ó thaobh an phobail i gcoitinne, ar an gcuspóir cóir chomhionann a áirithiú i gcás na mBallstát (agus, ag an am céanna, an tsolúbthacht á hurramú agus bearta CBT á gceapadh) agus ar an ngá atá le hullmhúchán riaracháin tráthúil ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát?*

*3) Cad iad na príomhcheisteanna a d'ardaigh na geallsealbhóirí le linn na gcomhairliúchán? An bhfuil dúshláin ann maidir le comhairliúcháin na ngeallsealbhóirí agus comhairliúcháin na gcomhlachtaí rialtais eile, e.g. na comhlachtaí atá i gceannas ar bheartais chomhshaoil agus aeráide?*